2024. S65T

2024J106C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí 2024

# Na Clasaicí

## Comhleibhéal

## Dé hAoine 14 Meitheamh Tráthnóna 1:30 - 3:30

360 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe** / /

Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

| Ceist | Marc | Ceist | Marc |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

| Marcanna Foriomlána a Bronnadh | |
|---|---|
| **Nóta**: Caithfídh an marc seo a bheith mar an gcéanna leis an marc sa bhosca **IOMLÁN** | |

| Don Scrúdaitheoir | |
|---|---|
| **IOMLÁN** | |
| Grád | |

Ná scríobh ar an leathanach seo.

**(don scrúdaitheoir amháin)**

| **Marcanna in aghaidh na Roinne** | | | | | **Iomlán Reatha** | **Iomlán Dícheadaithe** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Roinn A | Roinn B | Roinn C | Roinn D | Leathanaigh bhreise | | |
| | | | | | | |

| **Iomláin** |
|---|
| **Iomlán Reatha:** (Roinn A – Leathanaigh Bhreise) |
| - **Iomlán na Marcanna Dícheadaithe (B – D):** |
| = **Iomlán na Marcanna a Bronnadh:** |

## Treoracha

Scríobh d'uimhir iarrthóra agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás ar fáil le haghaidh obair bhreise ag deireadh an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise dá leithéid go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.

Tá ceithre roinn sa pháipéar seo:

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Miotas agus an Saol Laethúil | 180 marc |
| Roinn B | Domhan Aichill, An Róimh – Léann Clasaiceach | 180 marc |
| Roinn C | Laidin – Teanga Chlasaiceach | 180 marc |
| Roinn D | Sean-Ghréigis – Teanga Chlasaiceach | 180 marc |

Déanfar grádú ar an scrúdpháipéar seo bunaithe ar 360 marc san iomlán a thabharfar ar **dhá** roinn:

- 180 marc as Roinn A

  **agus**

- 180 marc as **aon** roinn amháin eile (B, C, **nó** D).

Ní mór do **gach** iarrthóir Roinn A a fhreagairt: Miotas agus an Saol Laethúil. Lch. 4

- o Tabhair faoi gach ceist

Ní mór d'iarrthóirí roinn **amháin** a fhreagairt as an trí roinn seo:

- Roinn B: Domhan Aichill, An Róimh – Léann Clasaiceach Lch. 18
  - o Tabhair faoi gach ceist

  **NÓ**

- Roinn C*: Laidin – Teanga Chlasaiceach Lch. 27
  - o Tabhair faoi gach ceist

  **NÓ**

- Roinn D: Sean-Ghréigis – Teanga Chlasaiceach Lch. 38
  - o Tabhair faoi gach ceist

* I Roinn C, úsáidtear na giorrúcháin a leanas sna gluaiseanna foclóra:

f. = firinscneach    b. = baininscneach    n. = neodrach    iol. = iolra

| Roinn A | Miotas agus Saol Laethúil | 180 marc |
|---|---|---|

**Ceist 1**

Freagair na ceisteanna seo ar na déithe agus na bandéithe Sean-Ghréagacha/ Sean-Rómhánacha.













**(a)** Críochnaigh an tábla is líon isteach ainm agus ról gach dé/ bandé sna híomhánna thuas.

| Uimhir na híomhá | Ainm<br>(Gréagach **nó** Rómhánach) | Ról<br>(dia/ bandia an/ na…) |
|---|---|---|
| 1. | | |
| 2. | | |
| 3. | | |
| 4. | | |

**(b)** Mínigh conas a bhí tú in ann gach dia/ bandia in Íomhánna 1-4 a aithint**.**

| Íomhá 1: |
|---|
| |

| Íomhá 2: |
|---|
| |

| Íomhá 3: |
|---|
| |

| Íomhá 4: |
|---|
| |

**(c)** Sa tábla thíos, scríobh an t-ainm Rómhánach taobh le hainm Gréagach gach dé/ bandé.

| **Ainm Gréagach** | **Ainm Rómhánach** |
|---|---|
| Afraidíté | |
| Déiméitéir | |
| Héafaestas | |
| Poiséadón | |
| Séas | |

**Ceist 2**

Léigh an sliocht seo faoi mhiotas Echo agus Nairciseas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Nuair a rugadh an nimfeach shléibhe, Echo (Macalla), labhraíodh sí ar nós gach duine eile. Bhí sí cainteach, siamsúil agus cliste. Chuireadh sí a buanna sóisialta chun sochair. Uair ar bith a dtagadh Séas ar domhan le caidreamh a dhéanamh lena comhnimfeacha, bhaineadh sí aird Héire de ionas nach bhfaigheadh an bandia amach faoi agus nach gcuirfeadh sí pionós ar na nimfeacha.

Bhí Héire spréachta nuair a fuair sí amach céard a bhíodh ar siúl ag Echo. Chuir sí mallacht ar Echo trína buanna a bhaint di. Ón nóiméad sin ar aghaidh, ní raibh ar chumas Echo ach athrá a dhéanamh ar fhocail daoine eile. Lá amháin nuair a bhí Echo ag siúl san fhoraois thug sí buachaill faoi deara agus é ina aonar. Nairciseas ab ainm don bhuachaill. B'fhear óg dóighiúil é, ach bhí sé seafóideach agus mórálach. Bhí sé chomh dathúil sin go mbíodh dúil ag cailíní, buachaillí agus ag déithe araon ann. Dhiúltaigh sé dóibh ar fad agus, ina ionad sin, b'fhearr leis a bheith ina aonar ag féachaint ar a scáil san uisce.

Nuair a leag Echo súil ar Nairciseas den chéad uair thit sí go mór i ngrá leis. Lean sí mórthimpeall é agus í ag súil go ndéarfadh sé rud éigin a d'fhéadfadh sí a athrá, ionas go bhféadfadh sí a mothúcháin a chur in iúl dó. Lean Nairciseas air á diúltú agus faoi dheireadh bhí sí chomh brónach agus chomh mór i bpian an ghrá go ndeachaigh sí i bhfolach in uaimh. D'imigh sí as ansin go dtí nach raibh tada fágtha di ach a glór. Go dtí an lá inniu, fanann a glór i gcoillte agus in uaimheanna, ag athrá na bhfocal a deir muid. Tugann muid 'macalla' ar an bhfuaim seo, i ndiaidh na nimfí sin.



**Íomhá A:** Echo, Nairciseas agus Cúipid.

**(a)** Bunaithe ar thús an tsleachta seo, tabhair breac-chuntas ar Echo.

**(b)** Mínigh conas a chuir Héire pionós ar Echo.

**(c)** Cén fáth ar éalaigh Echo go dtí an uaimh **agus** céard a tharla di ansin?

**(d)** Is é atá in Íomhá A ná péintéireacht d'Echo, Nairciseas agus Cúipid. An dóigh leat go ndearna an t-ealaíontóir jab maith d'Echo agus Nairciseas a léiriú? Mínigh do fhreagra agus bíodh tagairt agat don íomhá **agus** don sliocht **araon.**

*Leanann an cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(e)** Is as baois Naircisis a thagann an focal 'naircisíoch', a chiallaíonn duine atá an-mhórálach agus féinghafa. Roghnaigh **dhá** nath eile a thagann ó mhiotais eile agus mínigh a mbrí.

| Nath 1: |
|---|
| Míniú: |
| |
| |

| Nath 2: |
|---|
| Míniú: |
| |
| |

**(f)** Míníonn miotas seo Echo agus Naircisis bunús macalla. Déan achoimre ar mhiotas Shean-Ghréagach/ Rómhánach **eile** a mhíníonn conas a cruthaíodh rud éigin nó a ainmníodh é.

**Ceist 3**

Freagair na ceisteanna a leanas.



**(a)** Ainmnigh **dhá** mhiotas a bhfuil arracht iontu.

| |
|---|
| Ainm mhiotas 1: |
| Ainm arracht 1: |

| |
|---|
| Ainm mhiotas 2: |
| Ainm arracht 2: |

**(b)** Cén fáth, dar leat, a mbíonn arrachtaí go minic i miotais na Sean-Ghréige/ Sean-Róimhe? Tabhair cuiseanna le do fhreagra.

*Leanann an cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(c)** Sampla iad arrachtaí de théama i miotaseolaíocht na Sean-Ghréige/ Sean-Róimhe.
Pléigh téama **amháin** eile i miotais na Sean-Ghréige/ Sean-Róimhe.
Tagair do **thrí** mhiotas, mar thacaíocht le do fhreagra.

**Ceist 4**

Léigh an téacs thíos agus freagair na ceisteanna ar chúrsaí oideachais sa tSean-Róimh. Tógadh an téacs as beathaisnéis Mharcais Cató Mór, an státaire cáiliúil Rómhánach.

A luaithe a thosaigh an buachaill ag foghlaim, mhúin a athair Marcas Cató dó conas léamh, cé go raibh sclábhaí an-mhaith aige, darbh ainm Chilo, ar mhúinteoir scoile é agus a raibh go leor buachaillí á múineadh aige cheana. Ach níor cheap Cató go raibh sé ceart go mbeadh sclábhaí ag tabhairt amach dá mhac nó go dtarraingeodh sé a chluas má bhí sé mall ag foghlaim. Thairis sin chreid Cató nár chóir go bhfágfaí rud chomh tábhachtach leis an oideachas faoi sclábhaí. Dá bhrí sin mhúin sé féin léitheoireacht, dlí agus gleacaíocht dá mhac. D'oil Cató é freisin ar conas sleá a chaitheamh, troid i gcathéide, marcaíocht agus dornálaíocht a dhéanamh, teas agus fuacht araon a sheasamh, agus conas snámh.

**(a)** Céard ab ainm don mhúinteoir scoile i dteaghlach Cható?

| |
|---|
| |

**(b)** Tabhair **dhá** chúis nach dteastaíonn ó Cható go bhfaigheadh a mhac oiliúint ó sclábhaí.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |


**(c)** Cad iad na hábhair a d'fhoghlaim mac Cható?

| |
|---|
| |
| |

**(d)** Cén fáth, dar leat, ar chinn státairí Rómhánacha ar nós Cható go raibh sé tábhachtach dá mhic foghlaim "conas sleá a chaitheamh, troid i gcathéide, marcaíocht agus dornálaíocht a dhéanamh, teas agus fuacht araon a sheasamh, agus conas snámh"? Mínigh do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leanann an cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*




**Íomhá A**

**(e)** Léiríonn íomhá A **dhá** rud a d'úsáidtí go coitianta san oideachas sa tSean-Róimh. Luaigh ainmneacha an dá rud san íomhá agus mínigh cad lena n-aghaidh a d'úsáidtí iad.

| |
|---|
| Ainm rud 1: |
| Míniú: |
| |
| Ainm rud 2: |
| Míniú: |
| |

**(f)** Mínigh **dhá** bhealach ina bhfuil an t-oideachas in Éirinn inniu difriúil ón oideachas sa tSean-Ghréig **nó** sa tSean-Róimh.

| |
|---|
| Difríocht 1: |
| |
| |
| |
| |
| Difríocht 2: |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5**

Freagair na ceisteanna a leanas.







**(a)** Samhlaigh gur duine fásta tú sa tSean-Ghréig **nó** sa tSean-Róimh. Scríobh litir chuig cara leat faoi do shlí bheatha. Cuir síos i do litir ar **dhá** ghníomhaíocht ar a laghad a dhéanann tú.

*Leanann an cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(b)** Bunaithe ar do fhreagra ar pháirt **(a)**, an dóigh leat go dtaitneodh sé leat an cineál seo oibre a dhéanamh sa seansaol? Tabhair cuiseanna le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 6**

**(a)** Pléigh conas a bhaineann ceann **amháin** de na topaicí thíos leis an saol laethúil i dteaghlach sa tSean-Ghréig/ tSean-Róimh:

- bia; reiligiún; teaghlach; sclábhaithe.

| Topaic: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Ar an leathanach seo, léiríonn Íomhá A léaráid de *domus* Rómhánach.
Ar an gcéad leathanach eile, léiríonn Íomhá B léaráid de *oikos* Gréagach.


Freagair páirt **(i)** nó páirt **(ii)**.

**(i)** Scríobh ainm agus cur síos ar sheomra 1 agus sheomra 2 atá lipéadaithe in Íomhá A.

| Ainm sheomra 1: |
|---|
| Cur síos: |
| |

| Ainm sheomra 2: |
|---|
| Cur síos: |
| |

**Íomhá A:** *domus*




**NÓ**

**(ii)** Scríobh ainm agus cur síos ar sheomra 1 agus ar sheomra 2 atá lipéadaithe in Íomhá B.

| Ainm sheomra 1: |
| --- |
| Cur síos ar sheomra 1: |
| |

| Ainm sheomra 2: |
| --- |
| Cur síos ar sheomra 2: |
| |

**Íomhá B:** *oikos*



Caithfidh iarrthóirí ceann **amháin** de na ranna a leanas a fhreagairt:

Roinn B: Domhan Aichill, An Róimh – Léann Clasaiceach (lch. 18)

**NÓ**

Roinn C: Laidin – Teanga Chlasaiceach (lch. 27)

**NÓ**

Roinn D: Sean-Ghréigis – Teanga Chlasaiceach (lch. 38)

Ná scríobh ar an leathanach seo.

| Roinn B | Domhan Aichill, An Róimh | 180 marc |
|---|---|---|

**Ceist 7**
Mósáic is ea Íomhá A ina léirítear breithiúnas Pháras.



A

**(a)** Ainmnigh **dhá** cheann de na carachtair in íomhá A agus mínigh conas a d'aithin tú gach ceann.

| Carachtar 1: |
|---|
| Míniú: |
| |

| Carachtar 2: |
|---|
| Míniú: |
| |

**(b)** An dóigh leat gur léiriú maith de bhreithiúnas Pháras í Íomhá A? Tagair do shonraí in Íomhá A **agus** do do chuid eolais ar bhreithiúnas Pháras mar thacaíocht le do fhreagra.

**(c)** Mínigh cén chaoi a gceanglaíonn breithiúnas Pháras le miotas Chogadh na Traí.

**Ceist 8**

Léigh an sliocht a leanas agus freagair na ceisteanna a leanas.

**Leabhar 3 den *Íliad*: Tugann Páras aghaidh ar Mheinealás i gcath**

Nuair a chonaic Páras, amhail dia, Meinealás ag teacht amach as na ranganna tosaigh, chlis ar a chroí go hiomlán agus chúlaigh sé isteach ina bhuíon gaiscíoch féin leis an mbás a sheachaint. <u>Ar nós fir a fhaigheann radharc ar nathair nimhe in ailt chrannach agus a chúbann siar go géar, a ghlúine ar crith, agus a chúlaíonn agus é bán san aghaidh, mar sin a chuaigh Páras, amhail dia, as radharc ar ais sa slua Traíoch bródúil, é scanraithe roimh Mheinealás, mac le hAitréas.</u>

Chonaic Eachtar é agus thug sé faoi go binbeach: "A Pháras, is mór an náire tú, le do sciamh iontach, níor chóir gur rugadh riamh tú ná gur pósadh tú. Nár mhian liom go raibh sé amhlaidh! B'fhearr i bhfad sin ná tú a bheith i do cheap náire mar atá anois, gan muinín ag duine ar bith asat".

**(a)** Ainmnigh an ciúta fileata a bhfuil líne faoi sa sliocht thuas.

**(b)** An dóigh leat go bhfuil an ciúta fileata seo éifeachtach sa sliocht seo? I do fhreagra mínigh an fáth a mbaineann Hóiméar feidhm as ciúta fileata den chineál seo ar fud an *Íliad*.

**(c)** Cad a léiríonn an sliocht dúinn faoin ngaol idir na deartháireacha, Páras agus Eachtar? I do fhreagra tagair do do thuiscint ghinearálta ar an *Íliad*.

**(d)** Cén tuairim atá agat de charachtar Pháras san *Íliad*? Tacaigh le do fhreagra le fianaise ón sliocht seo **agus / nó** ó do léamh féin ar an *Íliad.*

**Ceist 9**

**(a)** Scríobh gach ceann de na coincheapa ársa Gréagacha taobh lena mhíniú Gaeilge sa tábla.

- kleos; timé; areté; aidós.

| Brí i nGaeilge | Coincheap Sean-Ghréagach |
|---|---|
| náire | |
| glóir | |
| onóir | |
| feabhas | |

**(b)** Mínigh conas a bhaineann gníomhaíochtaí Aichill le ceann **amháin ar a laghad** de na coincheapa i bpáirt **(a)**.



**Ceist 10**


**(a)** Scríobh faoi charachtar **amháin** san *Íliad* nach nglacann páirt sa troid. I do fhreagra tagair do radharc **amháin**, ar a laghad, ón *Íliad* ina bhfuil an carachtar seo.

**(b)** An bhfuil comhbhá agat leis an gcarachtar seo ó pháirt **(a)**? Mínigh do fhreagra.

**Ceist 11**

Taispeántar cathair ársa Phoimpé i Mapa A. Scríobh ainmneacha na d**trí** chineál spásanna poiblí Rómhánacha a bhfuil na saigheada dírithe orthu ar Mhapa A.

**Mapa A**




| |
|---|
| 1: |

| |
|---|
| 2: |

| |
|---|
| 3: |

**Ceist 12**

Meaitseáil gach téarma ailtireachta Rómhánaí lena mhíniú agus cuir an litir cheart i ngach bosca.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(a)** | Thermae | ☐ | struchtúr cuimhneacháin is pasáiste stuach ann |
| **(b)** | Circus | ☐ | teach folctha |
| **(c)** | Áirse an Bhua | ☐ | struchtúr chun uisce a iompar |
| **(d)** | Uiscerian | ☐ | rásraon dronuilleogach |

**Ceist 13**

**(a)** Luaigh ainm an duine a bhí freagrach as foirgneamh, struchtúr nó spás poiblí **amháin** sa tSean-Róimh a mhaoiniú.

| |
|---|
| Ainm an duine: |
| Ainm an fhoirgnimh, struchtúir nó spáis phoiblí: |

**(b)** Mínigh an chúis ar chinn an duine seo an tionscadal tógála seo a mhaoiniú i bpáirt **(a)**.

**(c)** Mínigh cad a tharlaíodh san fhoirgneamh, struchtúr nó spás poiblí a ainmníodh i bpáirt **(a)**.

**Ceist 14**

**(a)** Ainmnigh foirgneamh poiblí i do cheantar áitiúil ina bhfuil gnéithe den ailtireacht Rómhánach.

| |
|---|
| Ainm an fhoirgnimh phoiblí: |
| Suíomh: |

**(b)** Déan cur síos ar **dhá** ghné ailtireachta den fhoirgneamh a ainmníodh i bpáirt **(a)**.

| |
|---|
| Ainm ghné ailtireachta 1: |
| Cur síos: |
| |
| |

| |
|---|
| Ainm ghné ailtireachta 2: |
| Cur síos: |
| |
| |

**(c)** Cén fáth, dar leat, ar tógadh an foirgneamh seo in Éirinn agus gnéithe den ailtireacht Rómhánach ann? Tabhair cuiseanna le do fhreagra.

## Roinn C — Laidin - Teanga Chlasaiceach — 180 marc

**Ceist 15**

Sainaithin an t-aistriúchán ceart ar gach ceann de na nathanna cáiliúla Laidine seo agus cuir tic (✓) sa bhosca ceart. Ná cuir tic ach in aon bhosca amháin i ngach cás.




**(a)** carpe diem

- beir ar an bhfaill ☐
- déan amárach é ☐
- ar an lá seo ☐




**(b)** pānem et circēnsēs

- agus síocháin leat ☐
- pian nó fulaingt ☐
- arán agus sorcais ☐





**(c)** omnia mūtantur

- athraíonn gach rud ☐
- ní athraíonn aon rud ☐
- is sóiteán gach duine ☐

**(d)** vēnī, vīdī, vīcī

- tháinig muid, chonaic muid, chloígh muid ☐
- tiocfaidh sé, feicfidh sé, cloífidh sé ☐
- tháinig mé, chonaic mé, chloígh mé ☐




Iúil Caesar

**Ceist 16**

**(a)** Is focail Bhéarla a thagann ón Laidin iad formhór na bhfocal in Abairt A thíos. Roghnaigh **dhá** fhocal Béarla as Abairt A agus mínigh conas a bhaineann míniú **gach** focal Béarla acu lena fhréamh Laidine. Tugtar sampla thíos.

**Abairt A**

The magnificent doctor inhabited a maritime villa where she scribbled about agriculture utilising a multitude of fabulously extraordinary languages.

**Sampla**

| | |
|---|---|
| Focal Bearla: *utilising* | Focal Laidine: *utilis* |
| Míniú: *Ciallaíonn utilising úsáid a bhaint as rud agus ciallaíonn utilis 'úsáideach' sa Laidin.* | |

| | |
|---|---|
| Focal Béarla 1: | Focal Laidine: |
| Míniú: | |
| | |
| | |
| | |

| | |
|---|---|
| Focal Béarla 2: | Focal Laidine: |
| Míniú: | |
| | |
| | |
| | |

**(b)** Cad a d'fhoghlaim tú faoi theanga **ar bith** eile atá ar eolas agat ó do staidéar ar an Laidin? Mínigh do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |


**Ceist 17**

Meaitseáil na híomhánna de dhaoine éagsúla sa saol Rómhánach lena dtuairiscí thíos.
Scríobh uimhir na híomhá sa bhosca taobh lena tuairisc.

















☐ in lūdō sunt puerī parvī. magistrum audiunt. magister est Graecus et bene docet.

☐ sum mīles Rōmānus. ego scūtum et gladium habeō. necesse erit mihi contrā hostēs pugnāre.

☐ in templō sunt multae fēminae. sacrum ignem cūstōdiunt quod eae sunt sacerdōtēs deae Vestae.

☐ sum servus. labōrō in vīllā. nocte vīnum dominae et amīcīs dō. cēnant dum ego serviō.

☐ labōrō in urbe. ego multum pānem cīvibus Rōmānīs parō. necesse est mihi cotidiē ignem facere.

**Ceist 18**

Baineann na habairtí thíos leis an mbandia Véineas. Roghnaigh an t-aistriúchán ceart ar na focail sa chló **trom** agus cuir tic (✓) sa bhosca ceart. Ná cuir tic ach in aon bhosca amháin i ngach cás.

**(a)** Venus est dea, **quam Rōmānī amant**.

- a dtugann na Rómhánaigh grá di ☐
- a thugann grá do na Rómhánaigh ☐
- a thugann grá don Róimh ar léi í ☐

**(b)** Venus erat **pulcherrima** deārum**.**

- álainn ☐
- níos áille ☐
- ab áille ☐



**(c)** Rōmānī **templum deae** aedificāvērunt**.**

- bandéithe an teampaill ☐
- teampall don bhandia ☐
- teampaill agus bandia iontu ☐

**(d)** **in aedificiō** erat magna statua Veneris.

- sa bhfoirgneamh ☐
- isteach san fhoirgneamh ☐
- i measc na bhfoirgneamh ☐

**(e)** **"festīnātē** ad āram," sacerdōs ante sacrificium iussit.

- ar bhrostaigh sibh ☐
- brostú ☐
- brostaígí ☐

**Ceist 19**


Cuirtear síos ar lá tipiciúil sa bhFóram Rómhánach sna habairtí thíos. Sainaithin an rogha cheart chun an spás bán a líonadh agus cuir tic (✓) sa bhosca ceart. Ná cuir tic ach in aon bhosca amháin i ngach cás. Ná scríobh sa spás bán.

**(a)** mercātōrēs in forum celeriter ___________.

- ambulābat ☐
- ambulābam ☐
- ambulābant ☐

**(b)** puella __________ in tabernā emēbat.

- librōrum ☐
- librum ☐
- librīs ☐



**(c)** nūntius prope templum ___________ stābat.

- ingēns ☐
- ingenti ☐
- ingentis ☐

**(d)** dominus pecūniam _________ dedit.

- fīlium ☐
- fīlius ☐
- fīliō ☐

**(e)** sī imperātor adveniet, magna turba _____________.

- erit ☐
- est ☐
- erant ☐

**Ceist 20**

Léigh an sliocht a leanas agus freagair na ceisteanna thíos i nGaeilge. Déantar cur síos sa sliocht seo ar eachtra ghreannmhar san Fhóram idir fear díolacháin agus Octáivian, an chéad impire ar an Róimh.
Tá na focail ar fad a bhfuil líne fúthu liostaithe in ord aibítre sa ghluais foclóra thíos.



ōlim Octāviānus hostem Antōnium in proeliō superāvit. post proelium Octāviānus Rōmam rediit et circum forum ambulābat. in viā cōnspexit senem, quī duōs corvōs in caveā habēbat. ūnus corvus, “salvē,” inquit, “Octāviānē, victor, imperātor!” Octāviānus rīdēbat et corvum emere volēbat. senex respondit, “vēndam.” Octāviānus corvum ēmit; senex laetus discessit.

postquam tamen servus Octāviānī senem in viā prope forum iterum cōnspexit. servus Octāviānō dīxit senem alterum corvum habēre. secundus corvus statim, “salvē!” inquit, “Antōnī, victor, imperātor.” senex perterritus erat. sed Octāviānus magnā vōce rīdēbat et alterum corvum ēmit. servus imperātōris eī multam pecūniam dedit et senex laetissimus discessit.

alter, altera, alterum = eile
Antōnius, Antōniī (f.) = Antaine
cavea, caveae (b.) = éanadán
corvus, corvī (f.) = préachán
emō, emere, ēmī, emptum (3) = ceannaigh
iterum = arís
Octāviānus, Octāviānī (f.) = Octáivian
postquam = ina dhiaidh sin
redeō, redīre, rediī, reditum (neamhrialta) = fill ar ais
rīdeō, rīdēre, rīsī, rīsum (3) = déan gáire (faoi) / déan meangadh
victor, victōris (f.) = buaiteoir / cloíteoir

**(a)** Cé a chloígh Octáivian sa chath?

**(b)** Cá raibh an seanfhear ina sheasamh nuair a chonaic Octáivian é?

**(c)** Céard a rinne an chéad phréachán?

**(d)** Cén chaoi ar fhreagair Octáivian don chéad phréachán?

**(e)** Cén freagra a thug an seanfhear?

**(f)** Céard a d'inis an sclábhaí d'Octáivian?

**(g)** Cén fáth a raibh an seanfhear '*perterritus*', dar leat? Mínigh do fhreagra.

**(h)** Cén fáth a raibh an seanfhear '*laetissimus*' nuair a d'imigh sé, dar leat? Luaigh **dhá** chúis.

**Ceist 21**

Léigh na habairtí agus an sliocht thíos, ina n-insítear fabhalscéal faoi fhia agus a bheanna.

**(a)** Roghnaigh an t-aistriúchán ceart nó an tuairisc ghramadaí cheart ar na focail sa chló **trom** thíos agus cuir tic (✓) sa bhosca ceart. Ná cuir tic ach in aon bhosca amháin i ngach cás. Tá na focail ar fad a bhfuil líne fúthu liostaithe in ord aibítre sa ghluais foclóra thíos.



**(i)** cervus **ad fontem** stat et aquam bibit.

- cónasc ☐
- réamhfhocal leis an gcuspóireach ☐
- réamhfhocal leis an ochslaíoch ☐

**(ii)** dum bibit, in aquā effigiem suam **videt**.

- aimsir fhoirfe ☐
- aimsir ghnáthchaite ☐
- aimsir láithreach ☐

**(iii)** crūra **parva** nōn amat sed **magna** cornua laudat.

- cuspóireach iolra ☐
- ainmneach iolra ☐
- ainmneach uatha ☐

| | |
|---|---|
| cervus, cervī (f.) = carria / fia fireann | effigiēs, effigiēī (b.) = scáth / samhail |
| cornū, cornūs (n.) = adharc / beann | fōns, fontis (f.) = fuarán / foinse uisce |
| crūs, crūris (n.) = cos | |

**(iv)** subitō virī adsunt et **bēstiam captāre volunt.**

- teastaíonn ón ainmhí fiáin iad a ghabháil ☐
- teastaíonn uathu an t-ainmhí fiáin a ghabháil ☐
- theastaigh uaidh an t-ainmhí fiáin a ghabháil ☐

**(b)** Aistrigh an sliocht seo thíos ina leantar den scéal i bpáirt **(a)**.
Tá na focail ar fad a bhfuil líne fúthu liostaithe in ord aibítre sa ghluais foclóra thíos.

virī cum canibus ad cervum celeriter currēbant. cervus currēbat et in silvam fugam fēcit.

subitō stetit; cervus movēre nōn poterat quod arborēs eum retinēbant. cervus dīxit, "heu,

īnfēlīx sum! ōlim crūra parva damnāvi, sed crūra mē paene servāvērunt."

| | |
|---|---|
| cervus, cervī (f.) = carria / fia fireann | heu = faraor / mo léan |
| crūs crūris (n.) = cos | paene = beagnach |
| damnō, damnāre, damnāvi, damnātum (1) = mallaigh | stō, stāre, stetī, stātum (1) = stop |
| fuga, fugae (b.) = éalú / teitheadh | |

**Ceist 22**

Freagair na ceisteanna thíos faoi Théacs A, sliocht as litir a fuarthas sa dúnfort Rómhánach ag Vindolanda. Tá na focail ar fad a bhfuil líne fúthu liostaithe in ord aibítre sa ghluais foclóra thíos.

**Text A:** Cuireadh a scríobh Claudia Severa chuig a deirfiúr Sulpicia Lepidina

a Claudiā Sevērā, Sulpiciae Lepīdinae: III Īdūs Septembrēs, soror, tē ad diem sollemnem nātālem meum rogō et spērābō tē, soror, valē soror, anima mea cārissima.

| | |
|---|---|
| III Īdūs Septembres = *''ar an 11 Méan Fómhair'* | sollemnis, sollemne = bliantúil |
| nātālis, nātālis (f.) = breithlá | spērō, spērāre, spērāvī, spērātum (1) = bheith ag súil le |

**(a)** Léigh na ráitis ghramadaí thíos faoi fhocail i dTéacs A. Cuir tic (✓) sa bhosca le taispeáint an bhfuil gach ráiteas fíor **nó** bréagach.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is ainmfhocal é Lepidīnae sa tuiseal tabharthach uatha. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Is ionann inscne, uimhir agus cás do nātālem agus meum. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Tá spērābō san aimsir ghnáthchaite. | ☐ | ☐ |
| **(iv)** | Is briathar é cārissima sa chéad phearsa iolra. | ☐ | ☐ |




Fothracha an dúnfoirt Rómhánaigh ag Vindolanda, in aice le Balla Haidrian

**(b)** Aistrigh an abairt seo thíos, a tógadh ó Théacs A.
Tá na focail ar fad a bhfuil líne fúthu liostaithe in ord aibítre sa ghluais foclóra thíos.

<u>III Īdūs Septembrēs</u>, soror, tē ad diem <u>sollemnem</u> <u>nātālem</u> meum rogō.

III Īdūs Septembres = *'ar an 11 Méan Fómhair'*          sollemnis, sollemne = bliantúil / cóisire
nātālis, nātāle (f.) = breithlá



Táibléad 291 ó Vindolanda a thaispeánann iarsmaí seandálaíochta litir Claudia Severa

## Roinn D Sean-Ghréigis – Teanga Chlasaiceach 180 marc

**Ceist 23**

Meaitseáil gach ainm Béarla dineasáir lena thraslitriú ón tSean-Ghréigis tríd an litir cheart a scríobh i ngach bosca.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(a)** | diplodocus | ☐ | βραχιοσαυρος |
| **(b)** | stegosaurus | ☐ | πτεροδακτυλος |
| **(c)** | tyrannosaurus | ☐ | βροντοσαυρος |
| **(d)** | brachiosaurus | ☐ | στεγοσαυρος |
| **(e)** | pterodactyl | ☐ | τυραννοσαυρος |
| **(f)** | brontosaurus | ☐ | διπλοδοκος |

**Ceist 24**

Críochnaigh ceisteanna **(a)**, **(b)** agus **(c)** agus úsáid na focail Sean-Ghréigise i mBosca 1.
Ní ceadmhach duit an focal Béarla céanna a úsáid níos mó ná uair amháin.

**Bosca 1**

| | | |
|---|---|---|
| γραφω = scríobhaim | λογος, λογου = focal / sceál | πυρ, πυρος = tine |
| γραμμα, γραμματος = litir | μανια, μανιας = máine | πολις, πολεως = cathair |
| ἡλιος, ἡλιου = grian | μονος, μονη, μονον = aonair / amháin | χρονος, χρονου = am |

**(a)** Roghnaigh focal **amháin** Sean-Ghréigise as Bosca 1 agus scríobh síos focal **amháin** Béarla a thagann uaidh.

| | |
|---|---|
| Focal Sean-Ghréigise: | Focal Béarla: |

**(b)** Roghnaigh focal Sean-Ghréigise **eile** as Bosca 1 agus scríobh síos focal **amháin** Béarla a thagann uaidh.

| | |
|---|---|
| Focal Sean-Ghréigise: | Focal Béarla: |

**(c)** Scríobh síos focal **amháin** Béarla a thagann ó theaglaim de **dhá** fhocal Sean-Ghréigise i mBosca 1.

| | |
|---|---|
| Focal Sean-Ghréigise 1: | Focal Sean-Ghréigise 2: |
| Focal Béarla: | |

**(d)** Céard a d'fhoghlaim tú faoi **aon** teanga eile atá ar eolas agat ó do staidéar ar an tSean-Ghréigis? Mínigh do fhreagra.


**Ceist 25**

Meaitseáil na radhairc a leanas ón saol laethúil san Aithin lena dtuairiscí thíos.
Scríobh uimhir na híomhá sa bhosca taobh lena tuairisc.


1


2


3


4

☐ οἱ πολλοι, οἱ πολιται τε και οἱ δουλοι και αἱ γυναικες, δια της ἀγορας βαινουσιν.

☐ οἱ Ἀθηναιοι νεανιαι την μουσικην του ποιητου ἀκουουσιν. ὁ ποιητης καλλιστως κιθαριζει.

☐ οἱ ναυται πολλα ἐκ του πλοιου λαμβανουσιν. αὐτους δει παντα προς την ἀγοραν φερειν.

☐ πολλαι αἱ γυναικες ἐν τῃ οἰκιᾳ εἰσιν. ἡ δεσποινα μετα τριων καλων θυγατερων την μουσικην του αὐλου ἀκουει.

**Ceist 26**

Tá na habairtí thíos bunaithe ar mhiotas Théiséis agus an Mhíonótáir. Cuir tic (✓) sa bhosca le léiriú cén fhoirm cheart a theastaíonn chun gach abairt thíos a chríochnú. Ná cuir tic ach i mbosca amháin i ngach cás. Ná scríobh sa spásanna bána.

**(a)** ὁ Θησευς ἐν ______ μετα του πατρος ἐνοικει.

- Ἀττικην ☐
- Ἀττικῃ ☐
- Ἀττικη ☐

**(b)** ὁ Θησευς προς την Κρητην _______ μετα ἑπτα κορων και ἑξ νεανιων.



- ἠλθεν ☐
- ἠλθον ☐
- ἠλθομεν ☐

**(c)** ὁ Μινως τον Θησεα ________ ἀποκτεινειν τον Μινωταυρον.

- ἐκελευσε ☐
- κελευειν ☐
- κελευεσει ☐



**(d)** ἡ Ἀριαδνη ἠν ____ θυγατηρ του Μινωος.

- την ☐
- ἡ ☐
- ὁ ☐

**(e)** ὁ Θησευς ἐν τῃ νησῳ την ________ και καλην Ἀριαδνην ἐλειψεν.

- ἀνδρειον ☐
- ἀνδρεια ☐
- ἀνδρειαν ☐

## Ceist 27


Baineann na habairtí seo le laochra as Cogadh na Traí.
Sainaithin an t-aistriúchán ceart den fhocal nó den fhrása sa chló **trom** sna habairtí thíos agus cuir tic (✓) sa bhosca ceart.  Ná cuir tic ach i mbosca amháin i ngach cás.

**(a)** ὁ Παρις την Ἑλενην ἀπο της οἰκιας και του ἀνδρος **ἐλαβεν**.



- thóg ☐
- tógfaidh ☐
- tógann ☐

**(b)** ὁ Πατροκλος, ὁ του Ἀχιλλεως ἑταιρος, ἠν ὁ **φιλωτατος ἀνηρ**.



- níos dile ná fir ☐
- fear dil ☐
- fear fíordhil ☐

**(c)** “ὠ Ἀχιλλευ, **τρεχε** εἰς την μαχην,” ὁ Πατροκλος εἰπεν.



- bheith ag rith ☐
- rith ☐
- ritheadh sé ☐

**(d)** ἡ **του Ἑκτορος** γυνη ἠν ἡ Ἀνδρομαχη.

- Eachtair ☐
- le hEachtar ☐
- chuig Eachtar ☐



**(e)** ἡ Ἀνδρομαχη εἰπε τῳ Ἑκτορῳ, “**τί** λεγεις;”

- cé ☐
- cad ☐
- ar le ☐

**Ceist 28**

**(a)** Léigh an sliocht thíos agus freagair na ceisteanna a leanas i nGaeilge. Tá an sliocht seo bunaithe ar radharc ón *Odaisé* nuair a chastar comrádaithe Odaiséis ar an mbandia Circé. Tá na focail ar fad a bhfuil líne fúthu liostaithe in ord aibítre sa ghluais foclóra thíos.



οἱ δε του Ὀδυσσεως ἑταιροι την της Κιρκης οἰκιαν ἐν δεινῃ ὑλῃ εὑρισκουσιν. ἐγγυς της οἰκιας εἰσι πολλα θηρια, λυκοι τε και λεοντες. ἐπει οἱ ἀνθρωποι προς παντα τα θηρια βλεπουσι, μεγιστον φοβον ἐχουσι και προς την της οἰκιας θυραν τρεχουσιν. ἐκει εἱς των ἑταιρων τινα δεινην φωνην ἀκουει. ἡ γαρ Κιρκη ἐν τῃ οἰκιᾳ ἀειδει.

εὐθυς οἱ μεν ἀνθρωποι αὐτην καλουσιν και εὐθυς ἡ δε θεα ἐκ της οἰκιας ἐκβαινει και αὐτοις τους φιλους λογους λεγει˙ ‘’χαιρετε, ὠ ξενοι. νυν δε εἰσβαινετε εἰς την ἐμην οἰκιαν. ὑμεις γαρ καμνετε, και ἐγω σιτον τε και οἰνον ὑμιν παρεχειν ἐθελω.’’ ἡ δε Κιρκη δια θυρας της οἰκιας αὐτους βαινειν πειθει.

| | |
|---|---|
| ἀειδω = canaim | Κιρκη, Κιρκης, ἡ = Circé |
| ἐγγυς + ginideach = in aice le, gar do | λυκος, λυκου, ὁ = mac tíre |
| εὐθυς = láithreach bonn | Ὀδυσσευς, Ὀδυσσεως = Odaiséas |
| θηριον, θηριου, το = beithíoch allta | οἰνος, οἰνου ὁ = fíon |
| καλεω = glaoim, scairtim | σιτος, σιτου, ὁ = arán |
| καμνω = táim ag fulaingt | ὑλη, ὑλης, ἡ = coillte |

**(i)** Cá háit a raibh teach Chircé suite?

**(ii)** Cuir síos ar a bhfaca comrádaithe Odaiséis in aice leis an teach.

**(iii)** Cén chaoi ar fhreagair na fir don mhéid a chonaic siad?

**(iv)** Céard a chloiseann duine de na comrádaithe?

**(v)** Céard a dhéanann Circé nuair a ghlaonn na fir uirthi?


**(vi)** Céard a deir Circé leis na fir a dhéanamh?

**(vii)** An dóigh le Circé go bhfuil fir Odaiséis i riocht maith? Mínigh do fhreagra.

**(viii)** Roghnaigh ainmfhocal **ar bith** agus briathar **ar bith** ó na focail sa sliocht seo. Ainmnigh inscne **agus** cás an ainmfhocail, agus aimsir **agus** pearsa an bhriathair.

| | | |
|---|---|---|
| Ainmfhocal: | Inscne: | Cás: |
| Briathar: | Aimsir: | Pearsa: |

**(b)** Aistrigh an sliocht thíos a leanann den scéal a insíodh i bpáirt **(a)**. Déantar cur síos sa sliocht seo ar Odaiséas nuair a dhéanann sé iarracht teacht ar a chomrádaithe gar do theach Chircé. Tá na focail ar fad a bhfuil líne fúthu liostaithe in ord aibítre sa ghluais foclóra thíos



οἱ ἑταιροι τῃ Κιρκῃ ἐπιστευον. οἱ γαρ ἀνθρωποι τον της θεας κινδυνον οὐκ ἐγιγνωσκον. ὁ μεν Ὀδυσσευς την της Κιρκης οἰκιαν ἐν τῃ ὑλῃ ηὑρεν, ὁ δε Ὀδυσσευς τους ἑταιρους εὑρισκειν οὐχ οἱος τ᾽ ἠν. ἐγγυς δε της οἰκιας ἠσαν πολλοι ὑες. ἐπει τους ὑας εἰδεν, ὁ Ὀδυσσευς τῃ βοῃ εἰπεν, "ὠ φιλοι ἑταιροι, ἐγω ὑμας οὐκ ἀκουω. ποῦ ἐστε; ὑμεις τι χαλεπον καμνετε;"

| | |
|---|---|
| ἐγγυς + ginideach = gar do | Ὀδυσσευς, Ὀδυσσεως, ὁ = Odaiséas |
| καμνω = fulaingím | ὑλη, ὑλης, ἡ = coillte |
| Κιρκη, Κιρκης, ἡ = Circé | ὑς, ὑος, ὁ = muc |

**Ceist 29**

Rinneadh Téacs A a oiriúnú ó fhabhalscéal Aesóip, *Iarrann na Froganna Rí*.
Tá na focail ar fad a bhfuil líne fúthu liostaithe in ord aibítre sa ghluais foclóra thíos

**Téacs A**

οἱ <u>βατραχοι</u>, <u>λυπουμενοι</u> τῃ <u>ἀναρχιᾳ</u>, <u>πρεσβεις</u> ἐπεμψαν ἐπι τον Δια, <u>αἰτουντες</u> βασιλεα

αὐτοις παρεσχειν. ὁ δε Ζευς <u>αἰσθομενος</u> την <u>εὐηθειαν</u> αὐτων, <u>ξυλον</u> εἰς την <u>λιμνην</u> <u>καθηκε.</u>

| | |
|---|---|
| αἰσθομενος = *'ag brath'* | καθιημι, καθηκε = ligim anuas |
| αἰτουντες = *'ag iarraidh'* | λιμνη, λιμνης, ἡ = lochán |
| ἀναρχια, ἀναρχιας, ἡ = ainriail / neamhord | λυπουμενοι = '*a bheith cráite le'* |
| βατραχος, βατραχου, ὁ = frog | ξυλον, ξυλου, το = lomán / píosa adhmaid |
| εὐηθεια, εὐηθειας, ἡ = dúire | πρεσβυς, πρεσβεως, ὁ = ambasadóir |

**(a)** Baineann na ráitis ghramadaí thíos leis na focail i dTéacs A. Cuir tic (✓) sa bhosca le taispeáint an bhfuil gach ráiteas fíor **nó** bréagach.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is briathar é ἐπεμψαν san aimsir ghnáthchaite. | ☐ | ☐ |
| **(ii)** | Is ainmfhocal é Δια atá baininscneach agus uatha. | ☐ | ☐ |
| **(iii)** | Is forainmneacha iolra iad αὐτοις agus αὐτων araon. | ☐ | ☐ |
| **(iv)** | Is réamhfhocal é εἰς a leanann an tuiseal ginideach é. | ☐ | ☐ |

**(b)** Aistrigh an abairt dheireanach i dTéacs A.

ὁ δε Ζευς <u>αἰσθομενος</u> την <u>εὐηθειαν</u> αὐτων, <u>ξυλον</u> εἰς την <u>λιμνην</u> <u>καθηκε.</u>



Spás breise scríbhneoireachta. Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir agus le páirt na ceiste.

# Admhálacha


## Íomhánna

Leathanach 4:
1 - https://venetianred.wordpress.com/tag/greek-mythology/
2 - https://en.wikipedia.org/wiki/Syncretism
3 - https://www.simonandschuster.com/books/Joan-Holub/Goddess-Girls/9781442461390
4 - https://fineartamerica.com/art/paintings/urania
Leathanach 6: https://fineartamerica.com/featured/echo-and-narcissus-nicolas-poussin.html (edited 10.9.2023)
Leathanach 9: https://www.pinterest.ie/ev1lr0b/chimera/
Leathanach 12: https://radio.lublin.pl/2020/02/unikatowe-znalezisko-rysik-z-wczesnego-sredniowiecza/
Leathanach 13: https://pixabay.com/photos/roman-soldier-story-4174331/
https://news.cgtn.com/news/2021-10-18/2022-Beijing-Olympics-torch-lighting-ceremony-starts-in-Greece-14sDCr2UDGU/index.html
https://www.unrv.com/medicine.php
Leathanach 15: https://www.mozaweb.com/hu/Extra-3D_modell-Okori_romai_lakohaz-12043
Leathanach 16: https://twitter.com/clasicasieda/status/847851598789345280
Leathanach 18: https://www.researchgate.net/figure/The-Judgement-of-Paris-Los-Amores-mosaic-in-Castulo-Linares-Spain_fig1_348678126
Leathanach 22: https://www.britishmuseum.org/collection/object/G_1848-0801-1
Leathanach 24: https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Map_of_Pompeii.png
Leathanach 27: https://www.commonwealmagazine.org/poem-pro-horatio
https://encrypted-tbn3.gstatic.com/images?q=tbn:ANd9GcSL_w085ursUKUlbBfySe_QjyhikFtw6Ym01D83nVzdQw8e3c-F
https://spartacus-educational.com/D20March.htm
https://howtodoright.com/wp-content/uploads/2019/02/jcaesar-bust-001.jpg
Leathanach 29: 1 - https://www.grunge.com/253430/what-it-was-really-like-to-be-a- /
2 - https://www.romanobritain.org/2-arl_life/arl_dinner_party.php
3 - https://ancientromancitizens.weebly.com/education.html
4 - https://www.telegraph.co.uk/opinion/2017/10/21/sacred-mysteriesdisreputable-bakers-unclean-undertakers/
5 - https://www.timetrips.co.uk/romsol-camp.html
Leathanach 30: https://www.planetpompeii.com/en/map/the-temple-of-venus/16-imaginary-reconstruction-of-the-temple-of-venus.html
Leathanach 31: https://www.daviddarling.info/encyclopedia_of_history/F/Forum_Romanum.html
Leathanach 32: https://www.aionart.com/catalogue/7253/
Leathanach 34: https://teachingenglishiseasy.wordpress.com/tag/a-stag-at-the-pool/
Leathanach 36: https://www.romansinfocus.com/content/remains-fort
Leathanach 37: https://www.wikiwand.com/en/Claudia_Severa
Leathanach 39: 1 - https://femminaclassica.com/the-brutality-of-citizan-wives/
2 - https://www.curriculumvisions.com/search/A/agora/agora.html
3 - https://www.flickr.com/photos/136041510@N05/albums/72157659712097618/page1.
4 - https://www.shutterstock.com/search/greek+ship

Leathanach 40: https://claphamschool.org/our-community/blog/theseus-minotur
https://www.deviantart.com/sevenlivesofliz/art/Ariadne-902580350

Leathanach 41: https://history.howstuffworks.com/history-vs-myth/helen-of-troy.htm
https://mythus.fandom.com/wiki/Patroclus
https://i0.wp.com/interestingliterature.com/wp-content/uploads/2021/01/Achilles.jpg?resize=431%2C608&ssl=1
https://www.thoughtco.com/thmb/zT7waPdnkUVQAfKid0QVe3Lzol8=/395x0/filters:no_upscale():max_bytes(150000):strip_icc()/GettyImages-153417626-005f14cd68f5489e9d66cb4f0de608d9.jpg
Leathanach 42: https://andamaninspirations.com/2019/03/26/circes-transformations-art-images-of-the-greek-sorceress-through-the-ages/
Leathanach 44: https://andamaninspirations.com/2019/03/26/circes-transformations-art-images-of-the-greek-sorceress-through-the-ages/
Leathanach 45: https://en.wikipedia.org/wiki/The_Frogs_and_the_Sun#/media/File:Grandville_Frogs_&_Sun.jpg

## Téacsanna

Leathanach 11: http://penelope.uchicago.edu/Thayer/E/Roman/Texts/Plutarch/Lives/Cato_Major*.html
Leathanach 20: Trans, M. Hammond. *Iliad*. London: Penguin Classics. 1987.
Leathanach 36,37: https://en.wikipedia.org/wiki/Claudia_Severa
Leathanach 45: Nairn & Nairn. *Greek Through Reading*. London: Bristol Classical Press. 1993.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000.* Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Na Clasaicaí

Dé hAoine 14 Meitheamh
Tráthnóna 1:30 - 3:30